Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**9807/1/26**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0240 (COD)**

**COH 94**
**SOC 294**
**AGRI 428**
**AGRIFIN 104**
**PECHE 208**
**FIN 759**
**JAI 674**
**SAN 356**
**CODEC 1038**
**CADREFIN 248**
**POLGEN 139**
**IA 142**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 (an Rialachán maidir le pleananna CNR)<br>- Cur chuige ginearálta páirteach |

## I. CÚLRA

1. Am 16 Iúil 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 (an Rialachán maidir le pleananna CNR).

2. Is é is aidhm don togra na rialacha a leagan amach maidir le clársceidealú, cur chun feidhme, rialachas agus faireachán, chomh maith leis an gcreat airgeadais le haghaidh idirghabhálacha i réimse an Bheartais Chomhtháthaithe, an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT), an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) agus Gnóthaí Baile faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) do na blianta 2028-2034.

3. Bunaithe ar Airteagal 42, Airteagal 43(3), Airteagal 46, pointe (d), Airteagal 91(1), pointe (d), Airteagal 149, Airteagal 153 (2), pointe (a), agus Airteagail 164, 175, 177 agus 178, Airteagal 192(1), Airteagal 194(2), Airteagal 209(1), Airteagal 212(2), Airteagal 322(1), pointe (a), agus Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (an gnáthnós imeachta reachtach) atá an dréacht-Rialachán.

4. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 22 Eanáir 2026[1]. Thug Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a tuairim uaithi an 24 Feabhra 2026[2]. Thug Coiste Eorpach na Réigiún a thuairim uaidh an 18 Bealtaine 2026[3].

5. I bParlaimint na hEorpa, tá freagracht chomhpháirteach ar an gCoiste um Buiséid (BUDG), ar an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach (REGI) agus ar an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (AGRI). Ceapadh Karlo Ressler (PPE), Andrey Novakov (PPE) agus Elsi Katainen (Renew) ina rapóirtéirí.

## II. NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA

6. Phléigh an Mheitheal Ad Hoc um an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil – Comhpháirtíochtaí Náisiúnta agus Réigiúnacha (AHWP NRP) an togra go mion idir mí Mheán Fómhair 2025 agus mí na Bealtaine 2026[4].

---

[1] 6002/26.
[2] 6710/26.
[3] 9422/26.
[4] Gheofar tuilleadh sonraí faoi seo i ndoiciméid 16312/25 agus 9750/26.

7. Bhreithnigh Coiste na mBuanionadaithe an togra an 6 Bealtaine agus an 3 Meitheamh 2026 chun ullmhú do chur chuige ginearálta páirteach, gan na heilimintí idir lúibíní cearnacha ná formhór na n-aithrisí a chur san áireamh. An 12 Meitheamh 2026, rinne Coiste na mBuanionadaithe scrúdú ar an téacs comhréitigh atá in 9808/26, agus an 14 Meitheamh 2026, d’aontaigh sé i bprionsabal an téacs a chur faoi bhráid na Comhairle (Gnóthaí Ginearálta) agus roinnt athruithe air mar a léirítear in 9808/26 COR 1.

9. Beidh an deis fós ag Tíortha Comhlachaithe Schengen (TCSanna) na forálacha a bhaineann le Schengen sa Rialachán CNR a phlé sna fóraim iomchuí, lena n-áirítear na coigeartuithe spriocdhírithe a d’fhéadfaí a dhéanamh chun cás sonrach na TCSanna a chur san áireamh.

## II. CONCLÚID

6. I bhfianaise an mhéid seo, iarrtar ar an gComhairle teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an dréacht-Rialachán ar bhonn 9808/26 + COR 1.